Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0139(NLE)**

**11479/22**
**ADD 1**

**AVIATION 173**
**RELEX 1046**
**ASIE 52**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais<br>- Ráiteas ón mBeilg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón mBeilg atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

<u>Ráiteas náisiúnta</u>

Maidir le comhaontuithe eitlíochta a bheidh ann amach anseo a chaibidliú le tríú tíortha, iarrann an Bheilg ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an gComhairle na gnéithe seo a leanas a ionchorprú ina ndréacht-sainorduithe caibidlíochta:

• Anailís ar fhóirdheontais stáit a bhronntar ar earnáil na heitlíochta sa tríú tír;

• Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bheidh mar bhonn taca faoi thogra le haghaidh dréacht-sainordaithe caibidlíochta;

•Foclaíocht bhreise a bhaineann le hurraim do chearta an duine agus do chearta sóisialta, agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gceart sin.